

PÁDRAIC BACLÁMHACH Ó SÚILLEABHÁIN

Bhí Pádraic Baclámhach Ó Súilleabháin ina chomhnaidhe i nDoire Iorruis nó i Loch Mhac Con Uidhre. Bhí sé ina an-fhear troda. Tháinig an ceannaidhe seo isteach aige agus fuair sé lóisdín uaidh. Fear maith groidheamhail a bhí ann. Chaith sé an oidhche ann. Ar maidin nuair a mbricfeasta caithte acab dubhairt Pádraic Baclámhach go gcaithfeadh sé a guil a' baint ualach fraoigh. "Gabhfaidh mise in éinfheacht leat" adeir an ceannaidhe. Bhí maide láimhe ag an gceannaidhe.

"Féadfaidh tú" adeir Pádraic Baclámhach, "ach caithfidh mise mo mhaide a thabhairt liom."

Thug sé leis a mhaide. Bhuail an bheirt in éinfheacht agus an chéad áit réidh deas a dtáinig siad, "sé an nós a dtáinig mise le thú a fhéachaint" adeir an ceannaidhe. "Chuala mé gur fear maith troda thú."

"Níl aon locht agam-sa ar thú a fhéachaint" adeir Pádraic.

Chaith an ceannaidhe a chóta de agus séard a bhí taobh istigh air culaith duine uasal a thiubhrá tríd an bhfáinne. Séard a bhí ann duine uasal a tháinig le Pádraic Baclámhach a fhéachaint.

D'ionnsuigheadar a chéile agus agus níor leig Pádraic Baclámhach aon bhuille amháin den mhaide air féin leis an gcosaint a rinne sé ach d'fhága sé craiceann dearg ar an bhfear eile, craiceann cho dearg le fuil. Bhí sé maoildearg aige, feannta. Fuair an ceannaidhe a dhíol.

"Tá sé chomh maith dhuit teacht abhaile liom aríst" adeir Pádraic Baclámhach leis "agus fanacht go bhfágadh tú biseach. Chuaidh sé abhaile le Pádraic Baclámhach agus d'fhan sé go bhfuair sé biseach, seachtain nó coighcís agus Pádraic dá bheathú. Bhí Pádraic ní ba uaisle ná é. Bhí maireach eicint ar a láimh.